A thuismitheoir / caomhnóir, a chara,

Tá súil agam go bhfuil sibh ar fad ag coinnéail slán le linn na tréimhse seo.

Is oth liom a chur in iúl go bhfuil an comlacht USIT a úsaideadh chun an turas scoile go Barcelona a éagrú, tar éis dul as gnó de bharr na méide atá tarlaithe le roinnt seachtainí anuas.

Tá tús curtha agam cheana féin leis an bpróiseas chun aisíocaíocht a lorg. Níl aon chinnteacht ann áfach, go bhfaighimid an t-airgead ar ais ach déanfar gach iarracht ina leith seo.

Is dhá íocaíocht de €100 a rinneadh chuig USIT ar bhur son (€200 san iomlán). Más rud é gur íoc aon tuismitheoir / caomhnóir níos mó ná €200 isteach, tá sé sin fós i gcuntas na scoile agus déanfar aisíocaíocht ar sin chomh luath agus is féidir.

Is iarradh é seo nach raibh aon súil againn leis agus ar ndóigh d'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige do thuismitheoirí / caomhnóirí na scoile seo mura n-éireoidh leis an iarratas atá déanta againn chun aisíocaíocht a fháil. Tuigimid go bhfuil sé fíor dhíomach do na scoláirí nach mbeimid ag déanamh an turais seo i mbliana, ach cá bhfios, nach n-éireoidh linn imeacht éigin eile a éagrú an bhliain seo chugainn le cúnamh Dé.

Coinneoidh mé suas chun dáta sibh ar aon eolas a fhaighim ina leith seo.

Le gach dea-ghuí,

_____

Máirín Ní Mhainnín.